**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cás M.10990 — WESTCOAST / KOMSA)**

**Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2023/C 57/09)

1. An 9 Feabhra 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Westcoast (Holdings) Limited ("Westcoast", an Ríocht Aontaithe), a bhaineann le Westcoast Group Holdings Limited ("Westcoast Group")

— KOMSA AG ("KOMSA", an Ghearmáin), faoi rialú DEROSSI Invest GmbH, an Ghearmáin.

— Gheobhaidh Westcoast rialú ar KOMSA ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is dáileoir idirnáisiúnta táirgí bogearraí agus crua-earraí TF agus teileachumarsáide agus leictreonaic tomhaltóra é Westcoast mar aon le soláthraí seirbhísí gaolmhara gnó, lóistíochta agus margaíochta,

— Is dáileoir idirnáisiúnta táirgí bogearraí agus crua-earraí TF agus teileachumarsáide agus leictreonaic tomhaltóra é KOMSA. Go háirithe, dáileann sé fóin chliste, táibléid, uaireadóirí cliste, gabhálais éagsúla, córais fóin, gléasanna cinn, córais tí chliste agus táirgí leictrea-shoghluaisteachta.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10990 — WESTCOAST / KOMSA

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.